Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Meán Fómhair 2022 (OR. en)**

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2022/0280(COD)**
**2022/0279(COD)**
**2022/0278(COD)**

**12573/22**
**ADD 4**

**MI 672**
**COMPET 717**
**IND 349**
**IA 138**
**CODEC 1320**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 19 Meán Fómhair 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2022) 290 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le hIonstraim Éigeandála le haghaidh an Mhargaidh Aonair RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialacháin (AE) 2016/424, (AE) 2016/425, (AE) 2016/426, (AE) 2019/1009 agus (AE) Uimh. 305/2011 a mhéid a bhaineann le nósanna imeachta éigeandála um measúnú comhréireachta, glacadh sonraíochtaí comhchoiteanna agus faireachas margaidh mar gheall ar éigeandáil sa Mhargadh Aonair agus TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoracha 2000/14/CE, 2006/42/CE, 2010/35/AE, 2013/29/AE, 2014/28/AE, 2014/29/AE, 2014/30/AE, 2014/31/AE, 2014/32/AE, 2014/33/AE, 2014/34/AE, 2014/35/AE, 2014/53/AE agus 2014/68/AE a mhéid a bhaineann le nósanna imeachta éigeandála um measúnú comhréireachta, glacadh sonraíochtaí comhchoiteanna agus faireachas margaidh mar gheall ar éigeandáil sa Mhargadh Aonair |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2022) 290 final.

---

Faoi iamh: SWD(2022) 290 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.9.2022
SWD(2022) 290 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

*a ghabhann leis an doiciméad*

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le hIonstraim Éigeandála le haghaidh an Mhargaidh Aonair**

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialacháin (AE) 2016/424, (AE) 2016/425, (AE) 2016/426, (AE) 2019/1009 agus (AE) Uimh. 305/2011 a mhéid a bhaineann le nósanna imeachta éigeandála um measúnú comhréireachta, glacadh sonraíochtaí comhchoiteanna agus faireachas margaidh mar gheall ar éigeandáil sa Mhargadh Aonair**

**agus TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Treoracha 2000/14/CE, 2006/42/CE, 2010/35/AE, 2013/29/AE, 2014/28/AE, 2014/29/AE, 2014/30/AE, 2014/31/AE, 2014/32/AE, 2014/33/AE, 2014/34/AE, 2014/35/AE, 2014/53/AE agus 2014/68/AE a mhéid a bhaineann le nósanna imeachta éigeandála um measúnú comhréireachta, glacadh sonraíochtaí comhchoiteanna agus faireachas margaidh mar gheall ar éigeandáil sa Mhargadh Aonair**

{COM(2022) 459 final} - {SEC(2022) 323 final} - {SWD(2022) 288 final} - {SWD(2022) 289 final}

GA GA

**Bileog Achoimre Feidhmiúcháin**

**Measúnú Tionchair ar an Ionstraim Éigeandála le haghaidh an Mhargadh Aonair**

**Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?**

Is léir ó ghéarchéimeanna le déanaí, amhail paindéim COVID-19 nó ionradh na Rúise ar an Úcráin, a leochailí atá an Margadh Aonair i gcás suaití gan choinne agus, an tráth céanna, an méid a bhraitheann geilleagar na hEorpa agus a pháirtithe leasmhara uile ar Mhargadh Aonair dea-fheidhmiúil. D'fhéadfadh dhá ghné a bheith i gceist le tionchar géarchéime ar an Margadh Aonair. Ar thaobh amháin, d'fhéadfadh sé go dtiocfadh bacainní ar shaorghluaiseacht laistigh den Mhargadh Aonair as géarchéim, rud a chuirfeadh isteach ar a ghnáthfheidhmiú. Ar an taobh eile, is féidir le géarchéim ganntanais na n-earraí agus na seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime a mhéadú má tá an Margadh Aonair ilroinnte agus mura bhfuil sé ag feidhmiú. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh sé go gcuirfí isteach go tapa ar shlabhraí soláthair agus go mbeadh deacrachtaí ag cuideachtaí earraí agus seirbhísí a fhoinsiú, a sholáthar nó a dhíol. Cuirtear isteach ar an rochtain atá ag tomhaltóirí ar phríomhtháirgí agus ar phríomhsheirbhísí. Leis an easpa faisnéise agus soiléireacht dhlíthiúil, cuirtear a thuilleadh leis an tionchar atá ag na suaití sin. Anuas ar na rioscaí díreacha sochaíocha arb í an ghéarchéim is cúis leo, bíonn ar shaoránaigh, agus ar ghrúpaí leochaileacha go háirithe, dul i ngleic le tionchair eacnamaíocha dhiúltacha láidre.

Breathnófar sa Mheasúnú Tionchair ar dhá fhadhb ar leith, ach idirghaolmhar:

1. Bacainní ar shaorghluaiseacht earraí, seirbhísí agus daoine le linn géarchéime
2. Ganntanais na n-earraí agus na seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime

**Cad é ba cheart a bhaint amach?**

Ní hé raon feidhme an tionscnaimh seo réitigh a sholáthar chun géarchéim a bheidh ann amach anseo a shárú ina hiomláine, ach is éard atá i gceist freagairt thapa sholúbtha ar thionchair na géarchéime ar an Margadh Aonair a chumasú, go háirithe i ndáil le bacainní saorghluaiseachta agus ganntanais na n-earraí agus na seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime. Is é cuspóir ghinearálta na hIonstraime Éigeandála le haghaidh an Mhargaidh Aonair (SMEI) feabhas a chur ar fhorairdeall agus ar fhreagairt an Mhargaidh Aonair ar ghéarchéimeanna, é sin agus feabhas a chur ar a fheidhmiú rianúil le linn géarchéime freisin. Chuige sin, le SMEI, beidh bosca uirlisí dea-chalabraithe ag an Aontas, ar bosca uirlisí é a cheadóidh freagairt thapa éifeachtach ar aon ghéarchéim a bheidh ann amach anseo a d'fhéadfadh cur isteach ar fheidhmiú an Mhargaidh Aonair. Comhlánóidh sé sásraí eile de chuid an Aontais atá ann cheana, lena n-áirítear trí chomhordú, trédhearcacht agus luas níos fearr. Tá dhá chuspóir shonracha ag an tionscnamh seo:

**1. Na bacainní ar shaorghluaiseacht earraí, seirbhísí agus daoine le linn géarchéime a íoslaghdú:** Is é an aidhm atá ann bosca uirlisí réiteach a sholáthar ina mbeidh bearta forairdill, comhordaithe agus trédhearcachta lena n-áiritheofar freagairtí níos ailínithe agus níos spriocdhírithe ó na Ballstáit agus lena soláthrófar an trédhearcacht is gá a mhéid a bhaineann le bacainní ar shaorghluaiseacht.

**2. Aghaidh a thabhairt ar ghanntanais agus infhaighteacht earraí agus seirbhísí ábhartha i gcás géarchéime a chosaint:** Is é an aidhm atá ann réitigh thapa agus phraiticiúla a éascú ar shaincheisteanna soláthair le linn géarchéime agus sásraí leordhóthanacha forairdill, comhordaithe agus trédhearcachta a sholáthar le haghaidh freagairt spriocdhírithe bheartais trí mhalartú faisnéise agus trí dhlúthchomhar a chumasú leis an earnáil tionsclaíochta/le páirtithe leasmhara chun scrogaill sa slabhra soláthair agus riachtanais acmhainneachta atá ábhartha i gcás géarchéime a shainaithint, agus gníomhaíocht bhreise a dhéanamh i gcás inar gá.

**Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (coimhdeacht)?**

Tá na gníomhaíochtaí eacnamaíocha ar fud an Mhargaidh Aonair comhtháite go domhain. An cuspóir maidir le feidhmiú rianúil gan bhriseadh an Mhargaidh Aonair a áirithiú, ní féidir í a bhaint amach trí bhíthin beart náisiúnta aontaobhach. Is é breisluach AE na hionstraime seo cumas comhpháirteach an Choimisiúin agus na mBallstát bealach tapa struchtúrtha cumarsáide, comhordaithe agus malartaithe faisnéise a bheith acu i gcás ina bhfuil an Margadh Aonair faoi bhrú, agus a bheith in ann na bearta is gá a dhéanamh ar bhealach trédhearcach – lena dtreiseofar sásraí atá ann cheana nó lena gcuirfear dlús leo, chomh maith le huirlisí éigeandála nua atá eisceachtúil agus spriocdhírithe a chur isteach.

**B. Réitigh**

**Cad iad na roghanna éagsúla lenar féidir na cuspóirí a bhaint amach? An bhfuil rogha tosaíochta ann? Mura bhfuil, cén fáth nach bhfuil?**

Bunaítear leis na roghanna comhlacht rialachais agus creat le haghaidh pleanáil theagmhasach, modhanna

forairdill agus modhanna éigeandála. Dhéanfaí modh forairdill an Mhargaidh Aonair agus modh éigeandála an Mhargaidh Aonair a ghníomhachtú de réir critéir shonracha agus sásraí spreagtha. Bheadh gá le gníomhachtú breise le haghaidh bearta áirithe sa bhosca uirlisí.

Ar bhonn anailís a dhéanamh ar chúiseanna fadhbanna agus ar bhearnaí sa reachtaíocht ábhartha earnáilsonrach, rinneadh ocht mbloc tógála de bhearta a shainiú trí bhearta a ghrúpáil ina mbloic a bhfuil feidhm acu ag amanna éagsúla (i modh forairdill agus i modh éigeandála i gcónaí). I gcás gach bloic tógála, rinneadh anailís ar thrí chur chuige beartais, ó bhearta neamhreachtacha go cur chuige hibrideach agus go creat reachtach níos cuimsithí. Ar bhonn na hanailíse sin, coinníodh roinnt cineálacha cur chuige nó gach cineál cur chuige i gcás gach bloic tógála agus comhcheanglaíodh iad i dtrí rogha beartais réalaíocha lena léirítear leibhéil éagsúla na huaillmhéine polaitiúla agus na tacaíochta ó pháirtithe leasmhara.

| Modh | Bloic thógála | Rogha Beartais 1 TRÉDHEARCACHT | Rogha Beartais 2 COMHAR | Rogha Beartais 3 DLÚTHPHÁIRTÍOCHT |
|---|---|---|---|---|
| I gcónaí | 1. rialachas, comhordú agus comhar | *Cur chuige 2*<br>Grúpa Comhairleach Foirmiúil mar an fóram ar an leibhéal teicniúil agus oibleagáid ar na Ballstáit faisnéis a chomhroinnt laistigh den ghrúpa in oirchill ar an ngéarchéim agus lena linn | | |
| I gcónaí | 2. pleanáil theagmhasach i gcás géarchéime | *Cur chuige 2*<br>Moladh do na Ballstáit maidir le measúnú riosca, oiliúint agus druileanna & coimre de bhearta freagartha ar ghéarchéimeanna | *Cur chuige 3*<br>- Moladh do na Ballstáit maidir le measúnú riosca & coimre de bhearta freagartha ar ghéarchéimeanna agus<br>- Oibleagáid ar an gCoimisiún maidir le measúnú riosca ar leibhéal an Aontais<br>- Oibleagáid ar na Ballstáit oiliúint rialta a chur ar a bhfoireann bainistithe géarchéime | |
| Aireachas | 3. Forairdeall ar an Margadh aonair | *Cur chuige 2*<br>- Moladh do na Ballstáit maidir le bailiú faisnéise a bhaineann le slabhraí soláthair straitéiseacha sainaitheanta<br><br>- Moltaí do na Ballstáit maidir le cúlchistí straitéiseacha earraí a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo a fhorbairt | | *Cur chuige 3*<br>- Oibleagáid ar na Ballstáit faisnéis a bhaineann le slabhraí soláthair straitéiseacha sainaitheanta a bhailiú<br>- Oibleagáid ar an gCoimisiún liosta a tharraingt suas agus é a thabhairt cothrom le dáta go rialta le spriocanna le haghaidh cúlchistí straitéiseacha<br>- Oibleagáidí ar na Ballstáit[1] cúlchistí straitéiseacha earraí a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo a fhorbairt i gcás ina bhfuil cúlchistí straitéiseacha na mBallstát i bhfad níos lú ná na spriocanna |
| Éigeandáil | 4. príomhphrionsabail agus bearta tacaíochta chun saorghluaiseacht a éascú le linn éigeandála | *Cur chuige 2*<br>Príomhphrionsabail maidir le saorghluaiseacht earraí agus seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime a threisiú i rialacha ceangailteacha i gcás inarb iomchuí maidir le bainistiú éifeachtach géarchéime | | |
| Éigeandáil | 5. trédhearcacht agus cúnamh | *Cur chuige 3*<br>Sásra fógartha mear lánfheidhme ceangailteach, splanc-athbhreithniú | | |

[1] Faoi réir spreagadh breise

<table>
<tr><td></td><td>riaracháin le linn éigeandála</td><td colspan="3">piaraí agus an fhéidearthacht na bearta ar tugadh fógra ina leith a dhearbhú mar bhearta atá ar neamhréir le dlí an Aontais; pointí teagmhála agus ardán leictreonach</td></tr>
<tr><td>Éigeandáil</td><td>6. dlús a chur le táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime a chur ar an margadh le linn éigeandála</td><td colspan="3">Cur chuige 2<br>Leasuithe spriocdhírithe ar an reachtaíocht chomhchuibhithe atá ann cheana maidir leis an Margadh Aonair: táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime a chur ar an margadh níos tapúla; is féidir leis an gCoimisiún sonraíochtaí teicniúla a ghlacadh; tugann na Ballstáit tús áite d’fhaireachas margaidh le haghaidh táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime</td></tr>
<tr><td>Éigeandáil</td><td>7. soláthar poiblí le linn éigeandála</td><td colspan="3">Cur chuige 2<br>Foráil nua maidir le soláthar comhpháirteach/ceannach comhchoiteann ag an gCoimisiún i gcás roinnt Ballstát nó i gcás na mBallstát uile</td></tr>
<tr><td>Éigeandáil</td><td>8. bearta a bhfuil tionchar acu ar shlabhraí soláthair atá ábhartha i gcás géarchéime le linn modh éigeandála</td><td>Cur chuige 1<br>Treoraíocht maidir leis an acmhainneacht táirgeachta a mhéadú; dlús a chur le nósanna imeachta um cheadú; glacadh le horduithe earraí atá ábhartha i gcás géarchéime agus tosaíocht a thabhairt dóibh<br>Moltaí do ghnólachtaí chun faisnéis atá ábhartha i gcás géarchéime a chomhroinnt</td><td>Cur chuige 2<br>Moltaí do na Ballstáit maidir le dáileadh táirgí stoc-charntha; dlús a chur le nósanna imeachta um cheadú; oibreoirí eacnamaíocha a spreagadh chun glacadh le horduithe agus tosaíocht a thabhairt dóibh<br>Na Ballstáit a chumhachtú[2] chun oibleagáid a chur ar oibreoirí eacnamaíocha an acmhainneacht táirgeachta a mhéadú agus aghaidh a thabhairt ar iarrataí ceangailteacha ar fhaisnéis chuig oibreoirí eacnamaíocha</td><td>Cur chuige 3<br>Oibleagáidí ar na Ballstáit[3] táirgí a stoc-charnadh roimhe seo a dháileadh; dlús a chur le nósanna imeachta um cheadú, Oibleagáidí ar ghnólachtaí glacadh le horduithe agus tosaíocht a thabhairt dóibh; an acmhainneacht táirgeachta a mhéadú agus faisnéis atá ábhartha i gcás géarchéime a chur ar fáil</td></tr>
</table>

Ní chuirtear rogha thosaíochta i láthair sa Mheasúnú Tionchair.

**Cad iad tuairimí na bpáirtithe leasmhara éagsúla? Cé hiad na páirtithe leasmhara éagsúla agus cé na bearta is rogha leo?**

Aontaíonn páirtithe leasmhara den chuid is mó gur gá saorghluaiseacht a áirithiú le linn géarchéime, chomh maith le trédhearcacht agus comhordú níos fearr. An chuid is mó de na heispéiris ar thug páirtithe leasmhara tuairisc orthu, is le linn ghéarchéim COVID-19 a tharla siad. Maidir le hinfhaighteacht earraí atá ábhartha i gcás géarchéime a áirithiú, chuir na Ballstáit in iúl go dtacaíonn siad le bearta amhail comhordú an tsoláthair phoiblí, measúnú mear comhréireachta agus faireachas margaidh feabhsaithe. Chuir roinnt Ballstát in iúl gur ábhar imní dóibh bearta a chur san áireamh chun

[2] Faoi réir spreagadh breise
[3] Faoi réir spreagadh breise

ullmhacht ghinearálta i gcomhair géarchéimeanna a áirithiú agus chun aghaidh a thabhairt ar dheacrachtaí sna slabhraí soláthair. Chuir roinnt páirtithe leasmhara gnó in iúl go dtacaíonn siad le sainmhíniú soiléir ar éigeandáil, le comhordú agus trédhearcacht níos fearr, le bearta chun saorghluaiseacht oibrithe a áirithiú, le fógraí meara maidir le bearta náisiúnta, le nósanna imeachta meara chun caighdeáin chomhchuibhithe a fhorbairt agus a fhoilsiú, le pointí faisnéise aonair AE agus pointí faisnéise aonair náisiúnta, le druileanna éigeandála le haghaidh saineolaithe. Mar sin féin, chuir roinnt acu in iúl gur ábhar imní dóibh bearta éigeantacha atá dírithe ar oibreoirí eacnamaíocha.

**C. Tionchair na roghanna**

**Cad iad buntáistí na roghanna (más ann dóibh; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?**

Le **Rogha 1**, meastar go mbeidh tairbhí eacnamaíocha ann le haghaidh cuideachtaí, go háirithe le linn éigeandála, mar gheall ar fhreagairt níos fearr ar ghéarchéimeanna ar leibhéal an Aontais Eorpaigh as a dtiocfaidh níos lú bacainní ar shaorghluaiseacht agus infhaighteacht níos fearr ar tháirgí atá ábhartha i gcás géarchéime. Bearta lena maolaítear an tsaorghluaiseacht, beidh tionchar dearfach mór acu ar oibrithe toisc go ndéanfar fostaíocht a áirithiú mar thoradh orthu trí thrádáil trasteorann níos airde agus trí níos lú bristeacha i ngníomhaíocht eacnamaíoch a áirithiú le linn géarchéimeanna. Bainfidh oibrithe trasteorann agus na réigiúin is forimeallaí tairbhe ar leith as an rogha seo. Beidh sochair shóisialta dhíreacha ann mar thoradh ar bhearta chun infhaighteacht níos fearr ar tháirgí atá ábhartha i gcás géarchéime a áirithiú, ós rud é go gcuirfidh siad feabhas ar fhreagairt an Aontais a bhaineann go sonrach le géarchéimeanna, rud a chuirfidh le cáilíocht saoil níos fearr do shaoránaigh le linn géarchéime. Mar gheall ar chineál deonach na mbeart i mbloic 2, 3 agus 8 faoin Rogha seo, áfach, bheadh teorainn mhór leis an gcumas infhaighteacht na dtáirgí sin atá ábhartha i gcás géarchéime a áirithiú.

Le **Rogha 2**, beidh buntáistí breise ann i gcomparáid le Rogha 1, a bhuí le freagairt níos fearr ar ghéarchéimeanna ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Go háirithe, leis na bearta ceangailteacha i mbloc 8, sholáthrófaí sochair shóisialta bhreise. Le cumas na mBallstát faisnéis atá ábhartha i gcás géarchéime a cheangal ar oibreoirí eacnamaíocha agus táirgeadh táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime a mhéadú, d’fhéadfaí aghaidh a thabhairt ar an éileamh ar na táirgí sin le linn na géarchéime atá i gceist agus, dá bhrí sin, is é an toradh a bheadh air freagairt fhoriomlán níos fearr de chuid an Aontais i gcás géarchéime, as a dtiocfaidh tionchar sóisialta díreach i dtéarmaí feabhas a chur ar dhálaí maireachtála agus ar cháilíocht saoil.

Le **Rogha 3**, meastar go mbeidh tairbhí eacnamaíocha i bhfad níos mó ann le haghaidh cuideachtaí, go háirithe le linn éigeandála, i gcomparáid le Rogha 2. D’fhéadfaí na tairbhí sin a shaothrú a bhuí le bearta níos láidre a chur ar fáil lenar féidir feabhas breise a chur ar an bhfreagairt ar ghéarchéimeanna ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, rud a d’fhágfadh go mbeadh táirgí ábhartha i gcás géarchéime ar fáil ar bhealach níos fearr agus go mbeidh níos lú bacainní ar shaorghluaiseacht dá bharr. Ina theannta sin, más ann d’uirlis chomhchuibhithe uile-Aontais, seachnaítear an cás ina bhféadfadh na Ballstáit bearta náisiúnta aonair a thabhairt isteach, ar bearta iad lena ndéanfaí an Margadh Aonair a ilroinnt. Meastar freisin go gcuirfidh sé sochair shóisialta níos airde ar fáil. Na bearta a mbeadh tionchar acu ar shlabhraí soláthair atá ábhartha i gcás géarchéime le linn éigeandála (bloc 8), bheadh siad uile ina mbearta eisceachtúla a d’fhéadfadh a bheith cinntitheach, áfach, chun infhaighteacht táirgí ábhartha i gcás géarchéime a áirithiú i gcás géarghá le linn géarchéime. Dá réir sin, beidh freagairt fhoriomlán an Aontais ar ghéarchéimeanna i bhfad níos fearr, rud a fhágann go mbeidh tionchar sóisialta díreach níos láidre fós ann i dtéarmaí feabhas a chur ar dhálaí maireachtála agus ar an gcáilíocht saoil agus, ag brath ar an ngéarchéim, beatha na saoránach a shábháil.

**Cad iad costais na roghanna (más ann dóibh; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?**

Le **Rogha 1**, níl costais i gceist do chuideachtaí toisc gur bearta deonacha iad na bearta uile a bhféadfadh tionchar diúltach a bheith acu i dtéarmaí costas. Tá roinnt costais dhíreacha ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit amhail costais riaracháin a bhaineann le heagrú agus le rannpháirtíocht i gcruinnithe an Ghrúpa Chomhairligh chomh maith le costais chomhlíonta a bhaineann le bearta i mbloc 4 agus i mbloc 5 le linn éigeandála amhail comhlíontacht le príomhphrionsabail agus fógraí.

Le **Rogha 2**, d’fhéadfadh sé go mbeadh roinnt costas i gceist do chuideachtaí a bheadh nasctha le bearta is infheidhme le linn modh éigeandála i gcomparáid le Rogha 1. Is éard atá sna costais sin costais chomhlíonta d’iarrataí ar fhaisnéis agus deischostais a bhaineann leis an oibleagáid táirgeadh a mhéadú nó athrú cuspóra a dhéanamh air. Chomh maith leis sin, sa bhreis ar chostais Rogha 1, bheadh costais ar Bhallstáit maidir le hoiliúint agus druileanna, chomh maith le costais a bhaineann leis na

| |
|---|
| bearta i mbloc 8 amhail iarrataí ar fhaisnéis agus méadú ar tháirgeadh. Beidh costais bhreise ar an gCoimisiún freisin, go háirithe costais a bhaineann leis na bearta faoi bhloc 2 amhail measúnú riosca agus oiliúint agus druileanna.<br>**Rogha 3** I gcás cuideachtaí, sa bhreis ar na costais faoi Rogha 2, d'fhéadfadh sé go mbeadh deischostais ann a bhaineann le bearta i modh éigeandála amhail orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo. I gcás na mBallstát, i gcomparáid le Rogha 2, d'fhéadfadh sé go mbeadh costais bhreise ann a bhaineann le bearta i modh forairdill amhail comhdhéanamh cúlchistí straitéiseacha (bloc 3) agus bearta i modh éigeandála amhail dáileadh cúlchistí straitéiseacha agus dlús a chur le ceadú (bloc 8). Ar an iomlán, bheadh ilroinnt sa Mhargadh Aonair in éagmais rialacha agus comhar comhchuibhithe, rud a d'fhágfadh go mbeadh costais ar chuideachtaí. |
| **Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíochas?** |
| Meastar go bhfuil an tionscnamh ábhartha do **FBManna**. Dála na gcuideachtaí uile, tairbheoidh FBManna den fhreagairt fhoriomlán níos fearr ar ghéarchéimeanna ar leibhéal an Aontais Eorpaigh mar gheall ar níos lú bacainní ar shaorghluaiseacht agus infhaighteacht níos fearr ar tháirgí atá ábhartha i gcás géarchéime. Ar an iomlán, ní mheastar go mbeidh aon chostas ar FBManna faoi Rogha 1. D'fhéadfadh tionchar diúltach ar leith a bheith ar FBManna ag na hiarrataí ar fhaisnéis éigeantach faoi Roghanna 2 agus 3. D'fhéadfadh FBManna tairbhe ar leith a bhaint as an oibleagáid táirgeadh a mhéadú le tacaíocht airgeadais iomchuí faoi Roghanna 2 agus 3. D'fhéadfadh FBManna tairbhe breise a bhaint as bearta chun dlús a chur le ceadú agus as orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo faoi Rogha 3.<br>Faoi Rogha 1, bheadh trédhearcacht agus deimhneacht dhlíthiúil níos fearr ann chomh maith le costais níos ísle do chuideachtaí an Aontais mar gheall ar an tsaorghluaiseacht a éascú agus bearta chun trédhearcacht a áirithiú, rud a chuirfeadh feabhas ar an **iomaíochas**. Meastar gur beag an tionchar breise a bheidh ann faoi Rogha 2 i gcomparáid le Rogha 1 toisc nach mbainfidh na bearta díreacha ach le líon an-teoranta cuideachtaí. Faoi Rogha 3, d'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar dearfach mór ar an iomaíochas i gcomparáid le Rogha 2 toisc go mbeadh tionchar mór aici ar na cuideachtaí lena mbaineann agus go n-áiritheofaí léi freagairt fhoriomlán níos fearr ar ghéarchéimeanna. |
| **An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?** |
| Tabhóidh na Ballstáit costais athfhillteacha a bhaineann le cruinnithe an Ghrúpa Chomhairligh agus costais shonracha le linn modhanna forairdill agus modhanna éigeandála a bhaineann le bearta sonracha arna ngníomhachtú sna modhanna sin. |
| **An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?** |
| Níor aithníodh aon tionchar suntasach eile. |
| **An chomhréireacht?** |
| Tugann na gníomhaíochtaí atá beartaithe aghaidh ar chuspóirí an tionscnaimh agus ní théann siad thar a bhfuil riachtanach chun athléimneacht agus feidhmiú an Mhargaidh Aonair a áirithiú le linn géarchéime. Chuir páirtithe leasmhara agus na Ballstáit in iúl go bhfuil amhras orthu maidir le cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar prionsabal na comhréireachta, go háirithe, leis na bearta a bhfuil tionchar acu ar shlabhraí soláthair atá ábhartha i gcás géarchéime le linn éigeandála faoi Rogha 3. |
| **D. Iarobair** |
| Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar éifeachtacht, éifeachtúlacht, comhleanúnachas, ábharthacht agus breisluach AE an tionscnaimh reachtaigh seo agus cuirfidh sé tuarascáil ar na príomhthorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, agus Choiste na Réigiún cúig bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm na ngníomhartha reachtacha. Féadfaidh an Coimisiún a mholadh, agus é bunaithe ar an tuarascáil mheastóireachta, an chaoi chun feabhas a chur ar an Ionstraim Éigeandála le haghaidh an Mhargadh Aonair. |